Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14231/25**

**COAFR 277**
**CFSP/PESC 1497**
**COPS 515**
**DEVGEN 183**
**COHOM 153**
**COHAFA 83**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSúdáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSúdáin i gceangal leis seo, arb iad na conclúidí iad a d'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Deireadh Fómhair 2025.

.

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSúdáin

1. Cáineann an tAontas Eorpach (AE) go láidir an choinbhleacht leanúnach sa tSúdáin, atá, don tríú bliain as a chéile, fós ina cúis le bás na mílte daoine agus le cruatan ollmhór do mhuintir na Súdáine, agus is bagairt thromchúiseach í ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil ar fud an réigiúin máguaird.

2. Is cúis mhór imní don Aontas aontacht, iomláine chríochach agus cobhsaíocht na Súdáine, atá i mbaol tromchúiseach, agus an ilroinnt atá ag dul i méid ar bhonn polaitiúil agus eitneach. Is measa fós é sin mar gheall ar theacht chun cinn struchtúr rialaithe comhthreomhar, rud a cháinimid go láidir. Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas daingean do cheannasacht, d'aontacht agus d'iomláine chríochach na Súdáine. Diúltaíonn an tAontas d'aon iarrachtaí chun an tSúdáin a dheighilt.

3. Mar chomhchathaoirleach ar chomhdhálacha Pháras agus Londan don tSúdáin agus do thíortha comharsanachta, léirigh an tAontas a thiomantas tacú le muintir na Súdáine agus ról gníomhach a imirt chun aghaidh a thabhairt ar an gcoinbhleacht ar bhealach cuimsitheach.

4. Is mar seo a leanas atá iarrtha ag an Aontas go mbeadh níos mó rannpháirtíochta ann leis na páirtithe uile sa choinbhleacht: (a) rannpháirtíocht chuiditheach i gcaibidlíocht i dtreo sos cogaidh láithreach agus i bpróiseas inchreidte uilechuimsitheach idirghabhála síochána, as a dtiocfaidh sos comhraic leanúnach; (b) rochtain dhaonnúil thapa, gan bhac agus inmharthana a áirithiú agus sibhialtaigh a chosaint ar fud na Súdáine ar fad; (c) gealltanais inchreidte chun rialachas sibhialta fíorchuimsitheach, ionadaíoch agus neamhspleách a éascú; (d) an smacht reachta, an chuntasacht, urraim don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí um chearta an duine, agus ceartas sa tSúdáin a athbhunú agus a neartú.

5. Rachaidh an tAontas i dteagmháil leis na páirtithe uile sa choinbhleacht, de réir mar is iomchuí chun na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach, agus bheith meabhrach ag an am céanna gan aon struchtúr rialaithe a dhlisteanú lasmuigh d'aistriú polaitiúil cuimsitheach faoi stiúir na sibhialtach. Méadóidh an tAontas an rannpháirtíocht sin, ar choinníoll go ndéanfar dul chun cinn inchreidte chun príomhiarrataí an Aontais a bhaint amach. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go gníomhach, lena n-áirítear ar an leibhéal is airde, sna hiarrachtaí chun deireadh inbhuanaithe a chur leis an gcoinbhleacht. Agus an méid sin á dhéanamh aige, gníomhóidh an tAontas d'aon ghuth, ag cur formáidí cuimsitheacha chun cinn agus ag áirithiú comhordú iomlán le gníomhaithe ábhartha atá ar aon intinn leis. Leanfaidh sé d'úsáid a bhaint as raon iomlán na n-ionstraimí beartais eachtraigh atá ar fáil dó — lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, bearta sriantacha spriocdhírithe — chun teacht ar réiteach síochánta ar an ngéarchéim.

6. Tá géarchéim na Súdáine ag cur limistéir i mbaol ina bhfuil príomhleasanna straitéiseacha ag an Aontas agus ag an Afraic araon, mar atá comhrac na sceimhlitheoireachta, imirce neamhrialta agus gáinneáil ar dhaoine, cobhsaíocht réigiúnach agus slándáil mhuirí sa Mhuir Rua a chosaint. Is cúis mhór imní don Aontas na rioscaí go mbeadh éifeachtaí iarmharta ag an gcoinbhleacht, go háirithe i gCorn na hAfraice agus sa tSaiheil agus a héifeachtaí ar shreabha imirce neamhrialta chun na hEorpa.

7. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur ar cheannaireacht Fhórsaí Armtha na Súdáine agus na bhFórsaí Mear-Thacaíochta araon atá an phríomhfhreagracht as deireadh a chur leis an gcoinbhleacht, chomh maith leo siúd a chuireann tacaíocht dhíreach agus indíreach ar fáil dóibh. Tathantaíonn an tAontas ar na páirtithe uile sa choinbhleacht páirt chuiditheach a ghlacadh i gcaibidlíocht chuimsitheach maidir le sos comhraic agus leagann sé béim ar an ngéarghá atá le próiseas idirghabhála cuimsitheach inchreidte as a dtiocfaidh síochána chóir, chuimsitheach agus mharthanach. Tathantaíonn an tAontas freisin ar na gníomhaithe seachtracha uile a sholáthraíonn airm, tacaíocht airgeadais nó tacaíocht d'aon chineál eile do na páirtithe cogaidh deireadh a chur láithreach leis an tacaíocht sin agus trádbhac arm na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh.

8. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair go dlúth le comhpháirtithe maidir le hiarrachtaí comhordaithe idirghabhála réigiúnacha agus idirnáisiúnta, go háirithe iad siúd atá faoi stiúir an Aontais Afracaigh (AA), na Náisiún Aontaithe (NA), an Údaráis Idir-Rialtasaigh Forbartha (IGAD), na hAraibe Sádaí agus na Stát Aontaithe. Is díol sásaimh don Aontas iarrachtaí Quad (SAM, an Araib Shádach, an Éigipt agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) leis an ráiteas is déanaí maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil a athbhunú sa tSúdáin. Treisítear freisin iarrachtaí an Aontais bealaí oscailte cumarsáide a choinneáil leis na páirtithe uile agus tacú le deireadh inbhuanaithe a chur leis an gcoinbhleacht trí rannpháirtíocht Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chorn na hAfraice, lena n-áirítear le tionscnamh maidir le bonneagar criticiúil a chosaint, agus trí thacú le rannpháirtíochtaí le gníomhaithe sibhialta na Súdáine. Is léiriú é Tionscnamh an Aontais um Bonneagar Criticiúil a Chosaint, atá fréamhaithe i rannpháirtíochtaí an Aontais le gach taobh den choinbhleacht seo, ar chur chuige gníomhach comhtháite an Aontais i leith na hidirghabhála sa choinbhleacht sin agus cuireann sé i ngníomh an gá atá le sibhialtaigh a chosaint sa tSúdáin.

9. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá próiseas polaitiúil a bheidh cuimsitheach, trédhearcach agus faoi stiúir na Súdáine, arb é is aidhm dó rialachas neamhspleách sibhialtach a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach go gcosnófaí leis an bpróiseas sin rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban, na hóige agus na ndaoine ar de phobail imeallaithe iad ó réigiúin atá thíos go mór le coinbhleacht. Molann an tAontas freisin an ról ríthábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta agus leagann sí béim ar an ról sin, lena n-áirithítear go léireofar go fírinneach mianta agus guthanna éagsúla mhuintir na Súdáine in aon idirphlé polaitiúil.

10. Is cúis mhór imní don Aontas an meath scanrúil atá tagtha ar an ngéarchéim dhaonnúil sa tSúdáin, ós rud é gur eascair an choinbhleacht as an tubaiste dhaonnúil is tromchúisí ar fud an domhain agus go bhfuil an choinbhleacht ag cur leis fós agus tá sé dearbhaithe go bhfuil gorta i gcodanna den tír mar thoradh uirthi. Is cúis imní ar leith iad na tuairiscí scanrúla ar an leibhéal foréigin agus ionsaithe ar shibhialtaigh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus tionchair thromchúiseacha na coinbhleachta ar mhná agus ar chailíní. Tathantaíonn an tAontas ar na páirtithe uile seasamh lena n-oibleagáidí faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta agus faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine trí gach beart is féidir a úsáid chun sibhialtaigh agus réada sibhialtacha a chosaint. Féachfaidh an tAontas lena rannpháirtíocht taidhleoireachta a threisiú agus oibreoidh sé i gcomhar lena chomhpháirtithe chun bearta nithiúla a chur chun cinn chun sibhialtaigh agus bonneagar sibhialtach a chosaint. Molann an tAontas freisin na tíortha comharsanachta as an tacaíocht a cuireadh ar fáil d'íospartaigh na coinbhleachta agus cosaint á lorg acu lasmuigh de theorainneacha na Súdáine.

11. Tá laghdú scanrúil ag teacht ar an spás daonnúil san Aontas Eorpach. Le baic mhaorlathacha agus cineálacha eile bacainní, leantar de chosc a chur ar chúnamh tarrthála dul chomh fada leo siúd is mó atá i ngátar. Ina theannta sin, tá an cogadh sa tSúdáin ar cheann de na cogaí is marfaí d'oibrithe cabhrach áit ar bith ar domhan. Tathantaíonn an tAontas ar na páirtithe uile sa choinbhleacht deireadh a chur gan mhoill leis na bacainní uile atá ag cur isteach ar chúnamh daonnúil a sheachadadh agus rochtain dhaonnúil láithreach, gan choinníoll, shábháilte agus gan bhac a áirithiú, deireadh a chur le bacainní d'aon ghnó agus sibhialtaigh a chosaint, lena n-áirítear oibrithe daonnúla, i gcomhréir lena ngealltanais i ndearbhú Jeddah agus i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Molann an tAontas misneach agus tiomantas na n-oibrithe daonnúla áitiúla agus idirnáisiúnta araon, lena n-áirítear grúpaí cabhrach frithpháirtí ar nós na Seomraí Práinnfhreagartha (a fuair Duais an Aontais um Chearta an Duine 2025) agus tionscnaimh saorálaithe, arb é rannpháirtíocht na mban is mó is cúis leo, a leanann de chúnamh tarrthála a chur ar fáil faoi dhálaí an-dúshlánach.

12. Is cúis mhór imní don Aontas na sáruithe forleathana dea-dhoiciméadaithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí um chearta an duine ar fud na Súdáine. Cáineann an tAontas go haonchiallach na hainghníomhartha sin go léir, a bhfuil go leor acu fostaithe go córasach agus ar scála scanrúil agus a raibh tionchar tubaisteach acu ar an bpobal sibhialta, go háirithe ar mhná agus ar leanaí agus ar dhaoine atá i staideanna leochaileacha. Meabhraítear don Aontas na hoibleagáidí faoin Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus faoi Rún 2736 (2024) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus éilíonn sé go gcuirfeadh na Fórsaí Mear-Thacaíochta stop le léigear El Fasher agus iarrann sé go dtarraingeofaí siar na trodaithe uile a chuireann sábháilteacht agus slándáil na sibhialtach i mbaol.

13. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a ríthábhachtaí atá sé cuntasacht a áirithiú as gach sárú ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí um chearta an duine. Leis an tsaoirse ó phionós atá fós ann, spreagtar ainghníomhartha nua. Fuarthas amach sa tuarascáil ón Misean Neamhspleách Idirnáisiúnta chun Fíricí a Aimsiú (IIFFM) don tSúdáin gur sháraigh an dá pháirtí sa choinbhleacht an dlí idirnáisiúnta, arb ionann é agus coireanna idirnáisiúnta, agus go ndearna na Fórsaí Mear-Thacaíochta coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus go ndearna Fórsaí Armtha na Súdáine sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí um chearta an duine, ar coireanna cogaidh iad freisin. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí tacú leis na hiarrachtaí chun na sáruithe sin a dhoiciméadú agus a imscrúdú. Cáineann an tAontas cinsireacht chórasach agus cur faoi chois shaoirse na meán trí ghabhálacha, ionsaithe agus bagairtí i gcoinne chosantóirí chearta an duine, iriseoirí agus oibrithe sna meáin, rud a chuireann le saoirse ó phionós agus le mífhaisnéis fhorleathan.

14. Sa chomhthéacs sin, aithníonn an tAontas agus tacaíonn sé go láidir leis an ról ríthábhachtach atá ag gníomhaithe na sochaí sibhialta, ag eagraíochtaí um chearta an duine, agus ag sásraí cuntasachta, lena n-áirítear IIFFM don tSúdáin, saineolaí ainmnithe na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine sa tSúdáin, Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus an Misean Comhpháirteach chun Fíricí a Aimsiú don tSúdáin arna shainordú ag Coimisiún na hAfraice um Chearta an Duine agus um Chearta Pobal. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le sainordú na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus an trádbhac arm a leathnú chuig an tír ar fad. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile comhoibriú go hiomlán leis na heintitis sin. Ba cheart cuntasacht as sáruithe ar Choinbhinsiún Vín maidir leis an gcaidreamh taidhleoireachta (mar atá creachadh córasach misean taidhleoireachta agus áiteanna cónaithe) a áirithiú freisin.

15. Agus é ag freagairt don choinbhleacht leanúnach, tá dlús curtha ag an Aontas lena iarracht dhaonnúil agus leanfaidh sé de thacaíocht éigeandála tarrthála atá bunaithe ar riachtanais agus ar phrionsabail a chur ar fáil chun faoiseamh agus cosaint láithreach a chinntiú do na pobail is leochailí cibé áit a bhfuil siad. Áirítear leis sin freagairt don ghéarchéim thromchúiseach slándála bia agus cothaithe sa tír agus tacaíocht dhaonnúil do sheirbhísí bunúsacha. Tá tacaíocht á cur ar fáil ag an Aontas freisin dóibh siúd a theith go tíortha comharsanachta agus do na tíortha óstacha.

16. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí tacú le hathléimneacht dhaonra na Súdáine, i gcomhréir leis an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin. Tá sé réidh chun cuidiú le hathshlánú na seirbhísí sóisialta bunriachtanacha ar fud na Súdáine, a luaithe is féidir, agus chun tacú le filleadh sábháilte, díniteach agus deonach na Súdáine agus na ndídeanaithe easáitithe. Beidh téarnamh eacnamaíoch fadtéarmach na Súdáine ag brath ar shocrú síochána agus ar bhunú rialtais aistrithe faoi stiúir na sibhialtach chomh maith le hathchóirithe maicreacnamaíocha cuimsitheacha, faoiseamh fiachais, rochtain ar mhaoiniú, agus infheistíocht choigríche inbhuanaithe — is nithe seo uile a bhfuil dlúthbhaint acu le próiseas polaitiúil a bhfuil bunús maith leis, atá ionadaíoch agus cuimsitheach a bhunú, lena n-áiritheofar cuntasacht agus lena neartófar an smacht reachta.

17. Aithníonn an tAontas na cearta bunúsacha atá ag muintir na Súdáine chun saoirse, síochána agus ceartais, agus athdhearbhaíonn sé a thiomantas daingean tacú leis an tSúdáin ina hiarrachtaí chun a haontacht agus a hiomláine chríochach a chaomhnú, agus chun cobhsaíocht mharthanach, daonlathas agus rathúnas inbhuanaithe a bhaint amach.